II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/212 ÓN gCOIMISIÚN

**an 3 Samhain 2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú maidir le rochtain ar sheirbhísí i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, staidreamh a bhunófar ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun na riachtanais arna sainaithint sna topaicí mionsonraithe ábhartha a bhaineann le réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700 a chumhdach, ba cheart don Choimisiún líon agus teideal na n-athróg a shonrú le haghaidh na dtacar sonraí maidir le rochtain ar sheirbhísí.

(2) Na topaicí mionsonraithe maidir le “Úsáid seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí cúraim agus seirbhísí le haghaidh maireachtáil neamhspleách”; “Inacmhainneacht seirbhísí”; agus “Riachtanais nach bhfuil comhlíonta agus na cúiseanna atá leis sin”, ba cheart a sholáthar leo an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Seimeastar Eorpach, leis an Straitéis Eorpach um Chúram agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tá faisnéis ar fáil freisin le haghaidh beartais eile de chuid an Aontais a bhaineann le dálaí maireachtála agus leis an mbochtaineacht.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn líon agus teideal na n-athróg i réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála a mhéid a bhaineann leis na tacair athróg maidir le rochtain ar sheirbhísí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Líon agus teidil na n-athróg 6 bliana le haghaidh rochtain ar sheirbhísí i réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála.**

| Modúl | Topaic mhionsonraithe | Aitheantóir na hathróige | Ainm na hathróige |
|---|---|---|---|
| Rochtain ar sheirbhísí | Úsáid seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí cúraim agus seirbhísí le haghaidh maireachtáil neamhspleách (naoi n-athróg a bailíodh) | HC190 | Láithreacht daoine sa teaghlach atá i ngá cabhair a fháil de dheasca drochshláinte fhisiceach, drochshláinte mheabhrach nó éiglíocht fhadtéarmach, nó de dheasca seanaoise |
| | | HC200 | Seirbhísí cúraim baile gairmiúla a fuarthas |
| | | PC280 | Minicíocht úsáid taistil phoiblí |
| | | PC310 | Teidlíocht sochar dífhostaíochta a fháil |
| | | PC320 | Teidlíocht sochar breoiteachta a fháil |
| | | PC330 | Brath go ndearnadh idirdhealú le linn teagmháil le hoifigí riaracháin nó seirbhísí poiblí (malartán fostaíochta, seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta san áireamh) |
| | | PC340 | Brath go ndearnadh idirdhealú le linn tithíocht a lorg |
| | | PC350 | Brath go ndearnadh idirdhealú sa chóras oideachais |
| | | PC360 | Brath go ndearnadh idirdhealú i spásanna poiblí (siopa, caifé, bialann, saoráidí fóillíochta, etc.) |
| | Inacmhainneacht seirbhísí (cúig athróg a bailíodh) | HC221 | Íocaíocht as seirbhísí cúraim baile gairmiúla |
| | | HC230 | Inacmhainneacht seirbhísí cúraim baile gairmiúla |
| | | HC300 | Ualach airgeadais iompair phoiblí |
| | | RC370 | Íocaíocht as seirbhísí cúraim leanaí foirmiúla |
| | | HC040 | Inacmhainneacht seirbhísí cúraim leanaí foirmiúla |
| | Riachtanais nach bhfuil comhlíonta agus na cúiseanna atá leis sin (cúig athróg a bailíodh) | HC240 | Riachtanais nach bhfuil comhlíonta le haghaidh seirbhísí cúraim baile gairmiúla |
| | | HC250 | An phríomhchúis nach bhfuarthas (tuilleadh) seirbhísí cúraim baile gairmiúla |
| | | RC380 | Riachtanais nach bhfuil comhlíonta le haghaidh seirbhísí cúraim leanaí foirmiúla |
| | | RC390 | An phríomhchúis nár baineadh (tuilleadh) úsáid as seirbhísí cúraim leanaí foirmiúla |
| | | PC290 | An phríomhchúis nár baineadh úsáid go rialta as an iompar poiblí |